

Comhairliúchán poiblí maidir le Rialacháin 2024 an Achta um Theanntáil Feithiclí, 2015 (Nós Imeachta Achomhairc)

Cúlra

Déantar rialú ar rialaitheoirí lothcha agus oibritheoirí teanntála faoin **Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015** agus na **Rialacháin um Theanntáil Feithiclí agus um Chomharthaíocht, 2017**. Tá sé de dhualgas ar rialaitheoirí lothcha agus ar oibritheoirí teanntála gníomhaíochtaí teanntála a dhéanamh de réir na reachtaíochta seo. Tá feidhm ag reachtaíocht teanntála feithiclí in áiteanna teanntála reachtúla (poiblí) agus neamhreachtúla (príobháideacha). Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) an rialtóir forordaithe san Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015.

Tá an méid seo a leanas i gceist le feidhmeanna rialacháin teanntála feithiclí don ÚNI:

- Rialachán maidir le gníomhaíochtaí teanntála;
- Achomhairc teanntála feithiclí a riar chuig oifigigh neamhspleácha achomhairc teanntála; agus
- Fiosrúchán maidir le gearáin.

Leis an Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015, faoi alt 19, bunaíodh cheart achomhairc d'aon duine a ndearnadh teanntáil ar a bhfeithicil nó a ndearnadh a bhfeithicil a athshuíomh laistigh d'áit teanntála. Tá dhá chéim sa mheicníocht achomhairc:

- Ar an gcéad dul síos chuig an rialaitheoir lothcha (Alt 20), agus
- I gcás nach bhfuil siad sásta le cinneadh an rialaitheora lothcha, chuig oifigeach achomhairc teanntála laistigh de phróiseas achomhairc atá forordaithe agus éascaithe ag an ÚNI (Alt 22).

Is é an sainordú dlíthiúil, trí rialachán, faoi alt 22, an nós imeachta achomhairc atá ann faoi láthair chuig oifigeach achomhairc teanntála is ábhar don chomhairliúchán poiblí seo.

Leagtar an méid seo a leanas amach in Alt 22 (1):

“Féadfaidh duine achomharc a dhéanamh chuig oifigeach achomhairc teanntála, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis don rialaitheoir lothcha lena mbaineann an cinneadh ar achomharc a fháil, agus luafar forais an achomhairc san achomharc sin.”

De réir Alt 22 (2) den Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015, féadfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair nósanna imeachta a fhorordú chun achomhairc a éisteacht agus a chinneadh i ndáil le hAlt 22(1) den Acht céanna.

Ba é an 1 Deireadh Fómhair 2017 tosach feidhme na n-alt ábhartha d'Acht 2015, mar aon leis na Rialacháin um Theanntáil Feithiclí agus um Chomharthaíocht, 2017. D'fhoilsigh an ÚNI tacar nósanna imeachta maidir le hachomhairc chuig oifigeach achomhairc teanntála ag an am sin. Cinneann na nósanna imeachta seo an próiseas a leanann rialaitheoirí loctha agus daoine a chuireann achomharc isteach. Rinneadh athruithe atriallach ar na nósanna imeachta seo, lena n-áirítear simpliú agus digitiú. Moltar anois comhairliúchán poiblí a chur i gcrích chun tús a chur leis an bpróiseas chun na nósanna imeachta seo a fhorordú sa dlí trí rialáil shimplí. Ceadáitear an méid sin faoi alt 22(2) thuas.

Chomh maith leis na rialacháin seo a thabhairt isteach chun an nós imeachta achomhairc a fhorordú, is mian leis an ÚNI rialachán atá ann cheana laistigh de na **Rialacháin um Theanntáil Feithiclí agus um Chomharthaíocht, 2017**.

Faoi rialacháin 14(b) agus 14(c) de na rialacháin seo, leagtar amach roinnt modhanna íocaíochta chun teanntán nó feithicil athlonnaithe a scaoileadh. Deir an rialachán atá ann cheana:

- “(b) Cinnteoidh oibrítheoir teanntála nó, de réir mar a bheidh, rialaitheoir loctha, go bhféadfar íocaíocht a dhéanamh ar dhá cheann de na modhanna seo a leanas ar a laghad:*
- (i) cárta íocaíochta (cárta creidmheasa nó cárta dochair mar shampla);*
 - (ii) córas íocaíochta dearbháin, i gcás ina mbeidh an córas íocaíochta dearbháin sin údaraithe ag ÚNI;*
 - (iii) airgead tirim; agus*
 - (iv) ar cibé modh arna údarú ag ÚNI.*
- (c) I gcás go ndéanfar an muirear iomchuí a íoc le cárta íocaíochta nó trí chóras íocaíochta dearbháin, ní dhéanfaidh an t-oibrítheoir teanntála nó, de réir mar a bheidh, an rialaitheoir loctha, aon táille bhreise nó muirear breise a fhorchur as an íocaíocht a dhéanamh ar an modh sin.*

Tá sé beartaithe Rialachán 14 a leasú chun ceanglas sonrath a áireamh maidir le glacadh le ‘ríomhaistriú cistí’ mar mhodh sonrath íocaíochta, agus fomhír (ia) nua a áireamh i ndiaidh fhomhír (i). Ina theannta sin, tá sé beartaithe Rialachán 14(c) a leasú ionas nach féidir leis an méid seo agus aon bhreiseí ina dhiaidh sin leis na modhanna íocaíochta atá sonrath ag an ÚNI aon mhuirir bhreise a thabhu ar an íocóir.

Togra

Is é an moladh ná na nósanna imeachta a fhorordú, trí rialacháin, a bheidh le leanúint nuair atá achomharc á chur isteach chuig oifigeach achomhairc teanntála faoi alt 22 den **Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015**.

Is é cuspóir na rialachán seo tacú go foirmiúil leis na nósanna imeachta chun achomharc a éisteacht ó dhuine agus na nithe seo a leanas a leagan amach:

- Na tréimhsí ama is infheidhme chun achomharc a chur faoi bhráid oifigeach achomhairc teanntála,
- Na modhanna a cheadaítear chun na hachomhairc a chur faoi bhráid an oifigh achomhairc teanntála,
- Ní mór an fhaisnéis a chaithfidh a bheith ag gabháil le hachomharc chun go nglacfaidh oifigeach achomhairc teanntála léi agus go n-éistfidh an t-oifigeach léi,
- A mhéid a fhéadfaidh oifigeach achomhairc teanntála faisnéis a iarraidh chun achomharc a éisteacht agus a mhéid is féidir le hoifigeach achomhairc teanntála an t-achomharc a scrúdú, agus
- An oibleagáid a chuirtear ar achomharcóirí, rialaitheoirí lochta nó oibritheoirí teanntála faisnéis a sholáthar don oifigeach achomhairc teanntála.

I dteannta leis an nós imeachta d'achomhairc a fhorordú, leasóidh na rialacháin seo rialachán 14 de na **Rialacháin um Theanntáil Feithiclí agus um Chomharthaíocht, 2017** freisin. Tá sé beartaithe Rialachán 14(b) agus 14(c) a leasú chun ceanglas sonrath a chur san áireamh maidir le glacadh le 'ríomhaistriú cistí' mar mhodh íocaíochta chun teanntán nó feithicil athlonnaithe a scaoileadh agus tá sé beartaithe freisin a dheimhniú, trí leasú ar rialachán 14(c), nach dtabhóidh aon íocaíocht den sórt sin aon mhuirir bhreise ar an íocóir.

Aighneachtaí agus Tuarascáil Comhairliúcháin

Ba cheart aighneachtaí a dhéanamh trí **"Next Page"** a roghnú ag bun an leathanaigh gréasáin seo.

De rogha air sin, is féidir aighneachtaí scríofa chuig an gcomhairliúchán poiblí a dhéanamh tríd an bpost:

Comhairliúchán Rialála maidir le Teanntáil Feithiclí,

An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Dún Scéine,

Lána Fhearchair,

Baile Átha Cliath D02 WT20

Breithneoidh Bord an ÚNI na haighneachtaí uile. Foilseofar tuarascáil an chomhairliúcháin poiblí, lena n-áirítear aighneachtaí, ar shuíomh Gréasáin an ÚNI.

Tréimhse Comhairliúchán Poiblí

Beidh an comhairliúchán poiblí oscailte go dtí **meánlae Dé hAoine an 19 Iúil 2024**.

Cáipéisí agus Dréacht-Rialacháin

- [Dréacht-Rialacháin an Achta um Theanntáil Feithiclí, 2015 \(Nós Imeachta Achomhairc\) 2024](#)
- [Faisnéis maidir le Rialacháin an Achta um Theanntáil Feithiclí, 2015 \(Nós Imeachta Achomhairc\) 2024](#)

